Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2014**

# Irish

Assessment Unit AS 2
(Section A)

*assessing*

Listening

**[AI121]**

**WEDNESDAY 4 JUNE, MORNING**

# TRANSCRIPT

## General Marking Instructions

### Introduction

Mark schemes are published to assist teachers and students in their preparation for examinations. Through the mark schemes teachers and students will be able to see what examiners are looking for in response to questions and exactly where the marks have been awarded. The publishing of the mark schemes may help to show that examiners are not concerned about finding out what a student does not know but rather with rewarding students for what they do know.

### The Purpose of Mark Schemes

Examination papers are set and revised by teams of examiners and revisers appointed by the Council. The teams of examiners and revisers include experienced teachers who are familiar with the level and standards expected of students in schools and colleges.

The job of the examiners is to set the questions and the mark schemes; and the job of the revisers is to review the questions and mark schemes commenting on a large range of issues about which they must be satisfied before the question papers and mark schemes are finalised.

The questions and the mark schemes are developed in association with each other so that the issues of differentiation and positive achievement can be addressed right from the start. Mark schemes, therefore, are regarded as part of an integral process which begins with the setting of questions and ends with the marking of the examination.

The main purpose of the mark scheme is to provide a uniform basis for the marking process so that all the markers are following exactly the same instructions and making the same judgements in so far as this is possible. Before marking begins a standardising meeting is held where all the markers are briefed using the mark scheme and samples of the students' work in the form of scripts. Consideration is also given at this stage to any comments on the operational papers received from teachers and their organisations. During this meeting, and up to and including the end of the marking, there is provision for amendments to be made to the mark scheme. What is published represents this final form of the mark scheme.

It is important to recognise that in some cases there may well be other correct responses which are equally acceptable to those published: the mark scheme can only cover those responses which emerged in the examination. There may also be instances where certain judgements may have to be left to the experience of the examiner, for example, where there is no absolute correct response – all teachers will be familiar with making such judgements.

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2014
Irish, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

Éisteann tú le hagallamh idir duine óg agus bainisteoir siopa.

*Bainisteoir:* Dia duit, a Mháire. Tá fáilte romhat chuig an agallamh. An raibh turas fada agat ar maidin?

*Máire:* Dia is Muire duit agus go raibh maith agat. Ní raibh turas chomh fada sin agam. Cónaím ar imeall na cathrach agus tháinig mé leis an bhus ar maidin.

*Bainisteoir:* Go maith! Cuirfidh mé ceithre cheist ort, mar sin. Déan iarracht gan a bheith neirbhíseach.

*Máire:* Maith go leor.

*Bainisteoir:* Anois. Inis dom cén fáth a bhfuil post páirtaimseartha de dhíth ort, a Mháire.

*Máire:* Bhuel, is girseach scoile seacht mbliana déag d'aois mé agus ba mhaith liom bheith neamhspleách ar mo thuismitheoirí. Bím ag brath ar mo thuismitheoirí nuair a bhím ag dul amach agus ní maith liom airgead a ghlacadh uathu, go háirithe ó chaill m'athair a phost ar na mallaibh. Ba mhaith liom mo chuid airgid féin a shaothrú agus bheith ábalta cúpla punt a thabhairt do mo thuismitheoirí anois agus arís.

*Bainisteoir:* Maith thú. Anois, a Mháire, inis dom faoi na hábhair a dhéanann tú ar scoil.

*Máire:* Tá trí ábhar idir lámha agam ar scoil faoi láthair. Bhí mé ag gabháil do cheithre cinn anuraidh ach d'éirigh mé as an Fhraincis. Tá mé ag déanamh staidéir ar an Mhata, ar an Fhisic agus ar an Cheimic. Caithfidh mé a rá go bhfuil an-dúil agam sna hábhair uilig a dhéanaim agus gur mhaith liom céim a bhaint amach i gceann acu amach anseo.

*Bainisteoir:* An bhfuil ag éirí go maith leat ar scoil?

*Máire:* Tá ag éirí thar barr liom. Fuair mé an chéad áit sa Cheimic agus an dara háit san Fhisic. Níor chaill mé lá ar bith ar scoil i mbliana agus fuair mé duais ag deireadh na bliana dá thairbhe sin. Deir mo mhúinteoirí uilig go bhfuil mé poncúil, díograiseach, cliste agus macánta.

*Bainisteoir:* Tá sé sin ar dóigh, a Mháire. Anois inis dom faoin taithí atá agat ar bheith ag obair le daoine eile.

*Máire:* Cé go bhfuil an-suim agam sna heolaíochtaí, tá an-dúil agam sa spórt chomh maith agus bhí mé ag obair i gcampa samhraidh anuraidh. Bhí orm bheith ag comhoibriú leis na múinteoirí spóirt agus réitigh mé go maith leo. Chomh maith leis sin bhí mé ar thaithí oibre i saotharlann in Ospidéal na Cathrach anuraidh. Chuir mé aithne ar na dochtúirí agus ar na banaltraí agus bhain mé an-tairbhe as. D'fhorbair an taithí sin mo scileanna pearsanta agus idirphearsanta.

*Bainisteoir:* Tá sé sin go hiontach, a Mháire. Beidh áthas ort a chluinstin go bhfuil deireadh leis an agallamh anois. An bhfuil ceist agat ba mhaith leat a chur ormsa?

*Máire:* Cé na dualgais a bheadh orm dá n-éireodh liom post a fháil?

*Bainisteoir:* Bheadh ort na seilfeanna a líonadh ar maidin agus bheith ag obair ag an scipéad tráthnóna. Bheadh ort bheith ag obair gach dara deireadh seachtaine. Beidh mé i dteagmháil leat Dé Luain maidir le d'iarratas. Go raibh maith agat as teacht agus go n-éirí leat!

*Máire:* Go raibh maith agat féin. Slán agat.

*Bainisteoir:* Slán leat.

Question 2

D’fhreastail ionadaithe agus saineolaithe as dhá thaobh na teorann, ar chomhdháil a reáchtáladh in Ard Mhacha Déardaoin seo caite. Pléadh ceist an mhí-úsáide alcóil ag an chomhdháil. Bhí Aire Sláinte na sé chontae i láthair agus dúirt go raibh sé ar intinn aige praghas na dí a ardú le dul i ngleic le líon na ndaoine atá ag baint mí-úsáid as alcól. Dúirt sé go nglacfadh sé suas le bliain, áfach, leis an reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm. Is é moladh an Aire go n-ardófaí praghas an alcóil sa dóigh go mbeadh daichead pingin ar a laghad ar gach aonad. Dá gcuirfí an reachtaíocht nua i bhfeidhm, chosnódh buidéal mór ceirtlise suas le seacht bpunt – sin ardú cúig phunt ar an phraghas reatha. Bheadh buidéal uisce beatha trí phunt ní ba dhaoire ná mar atá sé anois mar gheall ar an ardú. Mhaígh an tAire go ndéanfadh an t-ardú praghais seo difear mór don ghrúpa, a dtugann sé féin ‘dream na málaí gorma’ orthu – is iad sin na daoine a bhíonn ag ól amuigh ar na sráideanna. Síleann sé nach dtiocfadh le daoine an oiread céanna alcóil a cheannach dá mbeadh ardú praghais ann. Cuireann an tAire cuid mhór den locht ar na hollmhargaí a dhíolann an t-alcól leis an phobal ar phraghas an-íseal ar fad.

Is cosúil go gcosnaíonn mí-úsáid alcóil breis agus dhá chéad caoga milliún punt ar na seirbhísí sláinte gach bliain sna sé chontae. Dúirt dochtúir as Baile Átha Cliath, a d’fhreastail ar an chomhdháil, go bhfuil an fhadhb lán chomh holc sna sé chontae fichead. Síleann sé go gcaithfidh na húdaráis ar dhá thaobh na teorann comhoibriú le chéile leis an fhadhb a réiteach. Dúirt sé go mbíonn breis agus dhá mhíle leaba in úsáid in otharlanna sna sé chontae fichead gach oíche ag daoine a bhfuil fadhbanna alcóil acu. Mhaígh seisean fosta go bhfuil cur chuige uile-oileánda de dhíth leis an fhadhb a réiteach.

Bhí ionadaí ó lucht na dtithe tábhairne i láthair ag an chomhdháil. Bhí seisean an-sásta leis na moltaí seo. Dúirt seisean gurbh fhada na tábhairneoirí a rá go bhfuil na hollmhargaí ag déanamh dochar mór do shláinte na ndaoine agus do thionscal na dtithe tábhairne araon, mar gheall ar na praghsanna ísle. Dúirt sé go bhfuil sé de nós ag cuid mhaith daoine barraíocht a ól sa bhaile. Is é an buntáiste is mó leis an teach tábhairne, dar leisean, go dtig le daoine an méid a ólann siad a smachtú níos fearr ann.

Beidh tuilleadh le cluinstin faoin scéal seo sna míonna amach romhainn.

*Arna aistriú as Suíomh Idirlín de chuid BBC TÉ, 27 Eanáir 2012*